AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN RCBÁC LÁR-THEAS

# 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

# Brollach le hOifigeach na Roinne

Tá áthas orm An Plean Póilíneachta Bliantúil, 2024 do Roinn Chathair Bhaile Átha Cliath, Lár-Theas a chur i láthair. Is é an plean seo an tríú cuid de thrí phlean a forbraíodh chun tacú le Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána, 2022-2024. Sa phlean, léirítear spriocanna agus tosaíochtaí póilíneachta atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Póilíneachta, agus leagtar béim ann ar Chearta an Duine mar bhonn chun ár seirbhís póilíneachta a sholáthar. Chonacthas dúshláin shuntasacha le dhá mhí dhéag anuas maidir le seirbhís póilíneachta a sholáthar agus dul in oiriúint do threochtaí oibriúcháin. Mar sin féin, tá an teacht aniar láidir i gcónaí agus leanann ár dtiomantas maidir le hoibleagáidí a chomhlíonadh.

Tá an Garda Síochána tiomanta dár ndualgais dhearfacha seirbhíse poiblí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tabharfaimid aghaidh ar na dualgais sin in 2024 trí thionscnaimh a bhaineann lenár straitéis éagsúlachta agus cuimsithe, beartas maidir leis an bhforéigean baile, leanúint den fhorbairt ar ár n-acmhainn maidir le Cearta an Duine, agus freagairt don choiriúlacht ar a dtugtar gníomhaíocht pholaitiúil.

Roghnaíodh Roinn RCBÁC Lár-Theas chun treoir a thabhairt do threoirthionscadal Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Feictear athruithe bunúsacha ar ár struchtúr sa tsamhail lena ligtear do bhreis Gardaí freastal ar dhualgais túslíne, imscrúduithe feabhsaithe ar choireanna a dhéantar in aghaidh íospartaigh leochaileacha, agus foirne tiomnaithe póilíneachta pobail a oibríonn lenár bpobail.

Agus an doiciméad seo á phleanáil, thugamar cuireadh do raon leathan páirtithe, inmheánacha agus seachtracha, chun a gcuid tuairimí a chur ar fáil dúinn. Arís i mbliana díreoimid ar na crainn taca straitéiseacha seo a leanas: An Pobal, Dul i nGleic leis an gCoireacht & An Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh & Daoine Leochaileacha, Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint, agus An tAthrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht. Ina theannta sin leagamar amach conas a úsáidfimid cumasóirí chun ár ngarspriocanna a bhaint amach. Tá ár gcur chuige saincheaptha chun ár bhfeidhmíocht agus ár bpróisis a fheabhsú, agus chun ár ndaoine a fhorbairt tuilleadh. Ar an mbealach seo cuirfimid lenár seachadadh seirbhíse póilíneachta éifeachtach a fhreagraíonn do riachtanais phobail nua-aimseartha agus éagsúil.

Agus muid ag breathnú chun tosaigh i rith 2024, féadfar go mbeidh dúshláin le sárú ag an nGarda Síochána. Leanfaimid sa Roinn RCBÁC Lár-Theas de bheith ag tógáil ar an méid a baineadh amach le dhá bhliain anuas le linn thréimhse na straitéise seo chun a chinntiú go soláthrófar seirbhís póilíneachta éifeachtach, éifeachtúil agus cuimsitheach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile an Gharda Síochána agus le foireann an RCBÁC Lár-Theas as a dtiomantas agus a ndúthracht i mbliain a bhí an-dúshlánach. Táim ag tnúth le tacaíocht chomhchoiteann gach duine chun ár Misean Daoine a Choinneáil Sábháilte in 2024 a chomhlíonadh.

*Tony O'Donnell,*
*Ard-Cheannfort,*

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Oifig Rannach**<br><br>**An tArd-Cheannfort Tony O'Donnell**<br><br>Kevin_Street_DV@garda.ie<br>01-6669492 | Stáisiún Garda Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01 6669492 |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Coireacht**<br><br>**An Bleachtaire Ceannfoirt Joseph McLaughlin**<br><br>SC.Crime@garda.ie<br>01-6669412 | Stáisiún Garda Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01 6669412 |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Rannpháirtíocht sa Phobal, Sráid Chaoimhín**<br><br>**An Ceannfort David Butler**<br><br>SC.Kevin Street.CE@garda.ie<br>01-6669482 | Stáisiún Garda Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01 6669482 |
| | Stáisiún Garda Chill Mhaighneann | - | 01 6669700 |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Rannpháirtíocht sa Phobal, Sráid an Phiarsaigh**<br><br>**An Ceannfort Dermot McKenna**<br><br>SC.PearseStreet.CE@garda.ie<br>01-6669082 | Stáisiún Garda Shráid an Phiarsaigh | 9:00am – 5:00pm | 01 6669082 |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Rannpháirtíocht Pobail Domhnach Broc**<br><br>**An Ceannfort Timothy Burke** | Stáisiún Garda Dhomhnach Broc | 9:00am – 5:00pm | 01 6669282 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| SC.Donnybrook.CE@garda.ie<br>01-6669282 | Stáisiún Gardaí an Bhaile Ghaelaigh | - | 01 6669600 |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Dearbhú Feidhmíochta**<br><br>**An Ceannfort Frank Ferry**<br><br>SC.PAFA@garda.ie | Stáisiún Garda Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | |
| **RCBÁC Lár-Thuaidh Seirbhísí Gnó**<br><br>**Príomhoifigeach Cúnta**<br><br>SC.Finance@garda.ie<br>SC.Bservices@garda.ie<br>SC.HRM@garda.ie<br>SC.Logistics@garda.ie | Stáisiún Garda Shráid an Phiarsaigh (Airgeadas) | 9:00am – 5:00pm | 01 6669073 |
| | Stáisiún Garda Shráid an Phiarsaigh (Riarachán Ginearálta) | 9:00am – 5:00pm | 01 6669335 |
| | Stáisiún Garda Shráid an Phiarsaigh (Acmhainní Daonna) | 9:00am – 5:00pm | 01 6669335 |
| | Sráid Chaoimhín (Lóistíocht) | 9:00am – 5:00pm | 01 6669457 |
| **Imeaglú a bhaineann le drugaí** Cigire don Rannán:<br><br>An Cigire Niall Gillooly – Sráid Chaoimhín<br><br>Tá faisnéis ar ról na gCigirí um imeaglú a bhaineann le Drugaí le fáil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána | | | |

Is féidir ainmneacha na **n-oifigeach Éagsúlachta** sa Rannán a fháil anseo:
Tá eolas ar ról na n-oifigeach Éagsúlachta le fáil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána

| | Ainm | Céim | Stáisiún |
|---|---|---|---|
| 1 | Deirdre Gately | Garda | Domhnach Broc |
| 2 | John Donnelly | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 3 | Noeleen Byrne | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 4 | Mark Duffy | Garda | Cill Mhaighneann |
| 5 | Mark Scanlan | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 6 | Laura Duignan | Garda | Domhnach Broc |
| 7 | Debbie O'Sullivan | Garda | Cill Mhaighneann |
| 8 | Niamh McCarthy | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 10 | James Keegan | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 11 | Karl O'Reilly | Garda | Cill Mhaighneann |

Oifigeach um **Chosc ar Choireacht** don Rannóg:

Is féidir faisnéis faoi ról na n-oifigeach um Chosc ar Choireacht a fháil anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána

Garda Sean O'Sullivan, Stáisiún Garda Shráid an Phiarsaigh, 016669000 nó mar mhalairt air sin DMRSouthCentral.Crime@garda.ie

## 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh ag neartú naisc le pobail, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Caidrimh láidre leis an bpobal trí rannpháirtíocht rialta le Comhchoistí Póilíneachta agus fóraim póilíneachta áitiúla |
| 1.2 Dul i ngleic le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Mothóidh gach duine de na pobail áitiúla go bhfuil ionadaíocht chothrom acu ar fhóraim phóilíneachta áitiúla agus ar a gcompord i measc a bpiaraí maidir le dul i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne ar cheisteanna a bhaineann le saincheisteanna póilíneachta agus nach mbaineann |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagasc um Póilíniú Pobail | |
| Cúltaca an Gharda Síochána a úsáid | |
| Ardchaighdeán freagartha ar ghlaonna thosaíocht a haon | |
| Caidreamh a dhéanamh le grúpaí Éagsúlachta | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Glacadh dearfach maidir le hoiliúint agus maidir le freagairt réamhghníomhach | |
| Sannadh comhordaithe pearsanra cúltaca | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Fóraim phóilíneachta a úsáid | |
| Dul i ngleic le grúpaí seanóirí | |
| Caidreamh a dhéanamh le grúpaí daoine gan dídean / daoine a chodlaíonn amuigh | |
| Oiliúint feasachta cultúrtha agus cearta daonna | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Mothaíonn sainghrúpaí amhail is go bhfuil siad páirteach | |
| Lucht oibre atá feasach ar chearta an duine | |

# 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Beidh deiseanna ag coirpigh oibriú sa Rannán teoranta ag póilíneacht réamhghníomhach agus ard-infheictheacht |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Beidh an saineolas agus na scileanna ag comhaltaí den Rannán chun a bheith in ann modhanna nua agus atá ag teacht chun cinn calaoise agus cibearchoireachta a úsáideann coirpigh a choigeartú agus freagairt dóibh |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Páirt a ghlacadh in Oibríochtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha | |
| Na Próisis Bainistithe Cásanna don Óige (JCM) & Aosach (ACM) | |
| Comhordú a dhéanamh ar urghabhálacha drugaí agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí soláthraithe drugaí ag gach leibhéal | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Torthaí na nOibríochtaí Spriocdhírithe a chur in iúl |
| Cruinnithe Rialta ar an gCás-Bhainistíocht |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Fanacht i dteagmháil leo siúd sa Chomhphobal atá faoi bhagairt | |
| Tacú le hAonaid Náisiúnta maidir le cur isteach ar dhronganna Coiriúla Eagraithe | |
| Baill a chur ar an eolas maidir le bearta um chosc na coireachta (is féidir a chur in iúl d'íospartaigh) | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Freastal ar Chruinnithe Bainistíochta Rialta |
| Láithreoireachtaí ón Oifigeach Coisctheachta Coireachta do Ghardaí ar Promhadh |

# 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Sainaithneofar íospartaigh athuaire trí struchtúir áitiúla, agus tacófar leosan. Mothóidh na híospartaigh go bhfuil tacaíocht chuí acu ionas go bhfaighidh gach íospartach na torthaí póilíneachta comhchosúla. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Mar gheall ar an ard-infheictheacht, i dteannta leis an gcomhoibriú le Pleananna Réigiúnacha, bainfear amach bóithre níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre sa Rannán. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Idirghníomhartha le híospartaigh agus iad a choinneáil ar an eolas faoi imscrúduithe | |
| Cur chuige éisteachta agus comhoibríoch a sholáthar maidir le saincheisteanna áitiúla | |

| Príomhthascaire |
|---|
| Monatóireacht leanúnach ar thaifead teagmhais choireachta fuatha |
| Freastal rialta ar chruinnithe fóraim áitiúla |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Seicphointí ard-infheictheachta & Oibríochtaí MIT & Tarrthála | |

| Príomhthascaire |
|---|
| Seicphointí pleanáilte rialta a bhunú |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Cabhróidh líonra láidir cumarsáide le bainisteoirí áitiúla cur le forbairt an phlean forbartha slándála |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd | Beidh bearta póilíneachta agus cosanta cuí i bhfeidhm thart ar láithreáin íogaire agus imeachtaí móra sa Rannóg |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Déanfar struchtúir inmheánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a fhorbairt chun cabhrú le baill tosaigh oibríochtúla freastal ar riachtanais an phobail agus na hEagraíochta |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Beidh cultúr inbhuanaitheachta comhshaoil san ionad oibre mar ghnáthchleachtas |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Beimid oilte agus trealmhaithe mar eagraíocht maidir le heolas agus nósanna imeachta atá cothrom le dáta, i réimsí na Reachtaíochta nua agus i dteicníochtaí póilíneachta nua-aimseartha |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Beidh an pearsanra ar fad ar an eolas faoi na sainacmhainní agus an fhaisnéis sláinte éagsúla atá ar fáil dóibh |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Beidh ár gcomhpháirtithe ar a gcompord ag roinnt smaointe agus ag obair leis an nGarda Síochána ar bhealach comhoibríoch chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Déanfar taighde ar shainteicnící póilíneachta atá ag teacht chun cinn chun cabhrú le freastal ar éilimh nua-aimseartha na teicneolaíochta |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Cabhróidh rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí araon, trí theagmhálacha pearsanta, cruinnithe agus úsáid na meán sóisialta lenár gcomhpháirtithe pobail fíorthorthaí a bhaint amach |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | Mothóidh pearsanra sa Rannán go n-éistear leo agus go mbeidh siad bródúil as an Eagraíocht dá n-oibríonn siad |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Gnóthóidh Eagraíocht ghairmiúil le hionracas muinín an phobail ar a bhfreastalaíonn sí |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Le struchtúir inmheánacha sruthlínithe, ligfear do chomhaltaí a scaoileadh chuig dualgais oibríochtúla tosaigh |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC 2024 | Tabharfar de chumhacht do chomhaltaí túslíne atá cumasaithe go digiteach agus a fhaigheann tacaíocht dhigiteach a róil a chomhlíonadh agus iad ag gluaiseacht agus an gá atá le hualach riaracháin a laghdú |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Trí úsáid a bhaint as léirmhíniú sonraí tabharfar na huirlisí do bhainisteoirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

AN GARDA SÍOCHÁNA